1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**BP-24-005**

# Miontuairiscí Chruinniú Boird de Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** 17 Meitheamh 2024
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL & MS Teams

**I láthair:**
An Clr Charlie O'Connor (Cathaoirleach), Colm Kilgallon, Daneve Harris, Claire Markey, An Clr John Walsh, An Clr Cathal Boland, An Clr Michael Clark, Anne Genockey, Susan Duffy, Paul McNally, Dara Edward Fitzpatrick, An Clr Mick Duff, An Clr Pamela Kearns, An Clr Brigid Manton.
**Leithscéalta:** An Clr Yvonne Collins
**As láthair:** An Clr Siobhán Shovlin, An Clr Kazi Ahmed,

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Siobhán Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta (CP) don Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach; Ross Lynam, Oifigeach na bhFoirgneamh, Mairéad Walsh; POC Gníomhach, Airgeadas.

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Charlie O'Connor, fáilte roimh chách chuig an gcruinniú.

**1. Leithscéalta/Comhbhrón**
Cuireadh comhbhrón in iúl do theaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ón gcruinniú deireanach.

**2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

**3. Nithe le haghaidh Rún an Bhoird**
**3.1 Miontuairiscí**
Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a bhí roimhe seo ar an 25 Bealtaine 2024.

**Molta:** An Clr Cathal Boland, **Cuidithe:** An Clr Pamela Kearns

**3.2 Léasanna Ógtheagmháil Áth an Ghainimh**

Rinneadh athbhreithniú agus plé ar an gcás gnó don togra seo. Thug an Bord faomhadh i bprionsabal an léas seo a chur i bhfeidhm.

**Molta:** Ken Farrell, **Cuidithe:** An Clr Cathal Boland

**4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord**

**4.1** Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin – Tugtha ar aird

**5 Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1 Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh**

Agus muid ag druidim le deireadh na bliana acadúla seo agus chuig deireadh ré an Bhoird seo, tá buiséad de thart ar 300 milliún euro ag BOOÁCDL, 4,500 ball foirne, timpeall ar 80,000 foghlaimeoir agus níos mó ná 100 foirgneamh. Léiríonn an tuarascáil bhliantúil fás, fás a ndearna sibh maoirseacht air, chuidigh sibh leis an rath agus thacaigh sibh leis na freagrachtaí i leith rialachais agus maoirseachta a bhaineann le heagraíocht ar an méid s’againne. Ba mhaith liom mo mhíle buíochais a ghabháil le gach aon duine agaibh as an gcúnamh agus tacaíocht a thug sibh do BOOÁCDL.

Tá súil agam go bhfillfidh cuid agaibh an bhliain seo chugainn, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach aon duine agaibh as bhur gcuid oibre agus tacaíochta ar son BOOÁCDL - is mór againn é.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gcúigear cathaoirleach a chaith tréimhse sa ról seo - John Walsh, Daneve Harris, Joe Newman, Claire Markey agus Charlie O’Connor.

Buíochas gafa le Charlie mar Chathaoirleach arís agus Claire Markey mar Leas-Chathaoirleach.

Tháinig mé isteach chuig BOOÁCDL díreach i ndiaidh don Bhord seo bunú - bhí ról an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna agam ag an am agus chaith mé nach mór 4 bliana ag obair libh mar Phríomhfheidhmeannach (PF) ar an eagraíocht bhreá seo. D’imigh an t-am go tapa agus ba mhór an onóir dom a bheith ag obair in éineacht libhse ar fad agus leis an CSF – Mar sin, ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil leis na Stiúrthóirí Nichola, Siobhán, Paul agus Mark. Agus chomh maith leis sin, le comhaltaí eile ab CSF, lena n-áirítear Adrian Flynn agus Debbie Howlett agus do thréimhse níos giorra Trevor Moore agus Noel Kelly. Táim go mór faoi chomaoin ag an bhfoireann rialachais - Thea, Claire agus Emma. Agus na POCanna chomh maith.

Gabhaim buíochas leis na coistí CIR agus Airgeadais. Áirítear ar na comhaltaí, Colm Kilgallon, Claire Markey, Catherine Bruen, Catherine Doran, Gillian Doherty, Alan Connolly, Áine Murphy, Cathal Boland, Michael Clarke agus Daneve Harris.

Fuaireamar roinnt acmhainní breise ón Roinn Oideachais.

**Stiúrthóir Scoileanna – Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Seirbhísí Óige**
**Pobalscoileanna Náisiúnta**

Bhí Comhdháil Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí SNC ar siúl ar an 23 agus 24 Bealtaine in Óstán an Midlands Park, Port Laoise. Bhí gach ceann dár scoileanna Náisiúnta Pobail, Scoileanna Speisialta Pobail agus scoileanna ospidéil i láthair.
Cuireadh tús le hearcú do gach scoil agus thart ar 100 post do scoileanna príomhshrutha, speisialta, RSO le líonadh sna míonna atá le teacht.

Cuirfidh BOOÁCDL earcaíocht ar bun do mhúinteoirí iar-bhunscoile le haghaidh 19 Scoil speisialta ar fud réigiún Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tá comhairliúchán leis na scoileanna seo ag dul ar aghaidh go leanúnach. Reáchtáladh cruinniú dearfach Dé Céadaoin an 12 Meitheamh leis na Príomhoidí inar leagadh amach na próisis agus tacaíochtaí atá ann dóibh.
Áireofar ar na cláir Sholáthair mhí Iúil do shuímh ardtacaíochta agus ionaid choinneála soláthar Seirbhíse Óige agus oifigigh Spóirt a bheidh ag plé leis na daltaí sinn le linn an tsamhraidh.

Leanann Stiúrthóirí Scoileanna de bheith ag plé le Príomhoidí chun tacú le cruinnithe rialta, cuairteanna aonair ar scoileanna chomh maith le hoiliúint a sholáthar ag leibhéal BOOÉ do na Pobalscoileanna Náisiúnta, scoileanna ardtacaíochta agus coinneála agus scoileanna ospidéil.

Seirbhísí Óige
Reáchtáladh an chéad Chomhdháil Thionscnamh na nÓg ar 13 Meitheamh i Staid Rugbaí Pháirc Thuamhan, Luimneach. Bhí gach comhlacht náisiúnta d'obair don óige i láthair d'fhonn comhoibriú maidir le todhchaí obair óige in Éirinn, cur chun feidhme moltaí ó thuarascáil an Oireachtais ar sholáthar obair óige agus ról na BOOnna maidir lena gcur chun feidhme a threorú.

Cuireadh €115K breise ar fáil do BOOÁCDL ar mhaithe le seirbhísí óige shnáithe A atá oscailte faoi láthair do gach tionscadal. Tá tairiscint ar bun faoi láthair le béim ar smaointe nuálacha agus cruthaitheacha a chabhróidh le hobair na seirbhísí óige sa réigiún a chur chun cinn.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Tá SÓ ag obair le han-chuid de na seirbhísí óige tríd an CRFM (Creat Rannpháirtíochta Feidhmíochta agus Maoirseachta) chun feabhas a chur ar chodanna de sholáthar túslíne, bearnaí sa soláthar agus na háiteanna a bhfuil athruithe ag teastáil a aithint. Áirítear orthu sin roinnt mhaith iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh agus a bheith ag obair trí phróisis soláthair an UBU ina bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil ó roinnt tionscadal chun critéir agus cuspóirí an chláir a chomhlíonadh.

Tá an Plean Forbartha Oibre don Óige fós ar siúl, tá sé beartaithe againn go mbeidh sé curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair d’fhonn é a sheoladh in R4.

Tá an Clár Foghlama Ailtéarnaí (CFA) agus foireann Spóirt ag ullmhú a gclár samhraidh a bheidh ar siúl i suímh ardtacaíochta agus coinneála agus a chuirfear chun cinn ar fud an réigiúin.

**Stiúrthóir Scoileanna– Iarbhunscoile**

Cruinnithe le Ceannairí Sinsearacha

Reáchtálamar ár gcruinnithe deireanacha do Cheannairí Sinsearacha le déanaí. D’eagraíomar cruinniú leis an Líonra Leas-Phríomhoidí agus ina dhiaidh sin cruinniú leis an Líonra Príomhoidí. Dhá ócáid an-dearfach a bhí iontu, le meascán d’eolas, plé agus cur i láthair. Bhí sár-sheisiún ag an dá ghrúpa ar Bhainistíocht Ama agus Féinchúram ó Paul Dickor. Bhí bia deas ann ina ndiaidh, rud a d’fhág gurbh fhéidir plé comhghleacúil a bheith acu agus deireadh a chur leis an mbliain scoile.

Cnuasghrúpaí do Leas-Phríomhoidí a bhfuil taithí acu

Sheol BOOÉ clár nua le déanaí do Leas-phríomhoidí a bhfuil taithí acu, le hobair le chéile i gcnuasaigh, éascaithe ag Príomhoide a bhfuil taithí acu. Is féidir le gach BOO beirt Leas-phríomhoidí a ainmniú, a bhfuil níos mó ná trí bliana de thaithí acu. Bhí an-chuid spéise léirithe ann, mar sin d’ofráil BOOÉ spás do sé cinn dár Leas-Phríomhoidí sna cnuasaigh seo, le duine amháin dár bPríomhoidí le taithí acu ag feidhmiú mar éascaitheoir. Creidimid gur tacaíocht iontach a bheidh anseo dár gcohórt Leas-phríomhoidí a bhfuil taithí acu le linn na bliana acadúla 2024-25 agus as sin ar aghaidh.

Oiliúint CRS

D’eagraigh ár bhFoireann Forbartha, faoi cheannaireacht Frances Shannon, lá oiliúna do CRSanna Dé Máirt 4 Meitheamh. Bhí an lá arna óstáil ag Coláiste Pobail Setanta agus cuireadh réimse ábhar agus láithreoirí ar fáil. B’é buaicphointe an lae don chuid is mó de na rannpháirtithe ná an t-ionchur ó thriúr tuismitheoirí le daltaí le riachtanais bhreise, rud a chuir béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht CRS dar leo. D’fhreastail 154 CRS ó BOOÁCDL air seo.

Pleanáil na Foirne Forbartha
Chaith an Stiúrthóir Scoileanna agus an Fhoireann Forbartha lá le déanaí ag pleanáil tacaíochta do scoileanna don bhliain seo chugainn. Tá raon tacaíochtaí agus tionscnamh reatha agus nua pleanáilte againn don bhliain acadúil 2024-25. Buailfimid le chéile arís déanach i mí Lúnasa chun na pleananna seo a chur chun críche.

**Stiúrthóir BrOO**

Bronntaí Céime Breisoideachais agus Oiliúna
8 gceiliúradh den scoth ar an bhfoghlaim go luath i mí an Mheithimh. Imeachtaí iontacha foghlaimeoir-lárnacha agus bronnadh na céadta teastas. Bhí ionadaithe ón RBATNE, SOLAS agus BOOÉ a fuair cuireadh tógtha le méid na n-imeachtaí, éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí agus tionchar dearfach atá ag BrOO ar fhoghlaimeoirí.

Siompóisiam na Fraince-na hÉireann
Toisc gurb í Éire an t-aon tír san Eoraip a bhfuil Béarla mar theanga dhúchais inti, tá fonn láidir ar rialtais na hÉireann agus na Fraince caidrimh níos láidre a chruthú idir an earnáil Gairmoideachais agus Oiliúna (GOO) sa Fhrainc agus BrOO in Éirinn. Mhéadaigh sé seo an t-éileamh atá ar chomhpháirtíochtaí le bliain anuas agus d'eagraigh BOOÉ siompóisiam idir gach BOO agus a gcontrapháirtithe sa Fhrainc chun deiseanna a phlé maidir le foghlaim óna chéile agus dea-chleachtas a roinnt trí shoghluaisteacht foirne agus foghlaimeora.

Comhaontas na gColáistí
Is comhaontú é Comhaontas na gColáistí idir Coláistí Gairmoideachais BOO ó Shasana, ó Albain, ón mBreatain Bheag agus ó Éirinn thuaidh agus theas. Cuireadh tugtha chuig Stiúrthóir BfOO, BOOÁCDL chun caint mar gheall ar aistear claochlaithe ár gColáiste BrOO agus ár gcur chuige um bainistiú athruithe atá aitheanta ag SOLAS mar dhea-chleachtas.

An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna
Tá pleananna uileghabhálacha an choláiste BrOO ag déanamh dul chun cinn maith agus tá sé mar aidhm againn ainm agus struchtúr nua an Choláiste a sheoladh in R4 2024.

Tá castachtaí ag baint le suímh a roghnú le haghaidh an choláiste nua i Sord ach tá dul chun cinn á dhéanamh. Ba chóir tabhairt faoi deara nár leithdháileadh aon acmhainní breise ar BOOÁCDL maidir le dul chun cinn claochlaithe an choláiste BrOO nó maidir leis an gColáiste BrOO i Sord.

Earnáil Threasach Aontaithe
Clár Treasach - ÁCDL ag obair le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun céim threasach a chur ar fáil i mí Mheán Fómhair 2025. An sprioc-chéim L8 atá á moladh: Líonraí agus Córais Riarachán – (teideal sealadach). Beidh duais scortha BOO ag deireadh bliain 1

agus bliain 2 á chur ar fáil ag BrOO BOOÁCDL a chuireann rochtain dhíreach ar fáil do bhliain 3 agus bliain 4 in Ollscoil Teicneolaíochta Átha Cliath.

Conairí Chun Ardoideachais - Tionscadal comhoibritheach le Tionscadal PATH 1 maidir le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tsaoil na nInstitiúidí Ardoideachais: Tá tús curtha ag Oifigeach Ardoideachais de chuid BOO ar obair chun athrú níos éasca a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí BrOO in BOOÁCDL chuig roghanna Ardoideachais in an-chuid institiúidí ardoideachas i gcúige Laighean. Is forbairt an-dearfach é seo dár bhfoghlaimeoirí.

**Stiúrthóir TFE**

Reáchtáladh cruinniú comhpháirteach leis an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca ar an 22 Bealtaine. Ritheadh ár gcruinnithe Rialachais inmheánaigh ar an 10 Meitheamh. Tá iniúchadh ar bun faoi láthair ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) ar ár Soláthraithe Sainoiliúna (SS) agus ar Sheirbhísí Óige. Tá iniúchadh 2023 an A&CC ar bun go leanúnach. Tá iniúchadh deimhnithe ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ar ár mBainistíocht Cíosa agus Léasa atá le tosú ar sheachtain 11 Samhain 2024.

Sna seachtainí atá romhainn, beidh BOOÁCDL ag obair le Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus comhlachtaí ionadaíocha maidir le socruithe comhdhéanaimh, toghcháin agus ceapacháin le haghaidh comhaltais ar bhord BOOÁCDL. Iarrfar ar údaráis áitiúla próiseas toghcháin do chomhaltas bhord BOO a chur ar bun i gcomhréir le hAcht 2013 agus rialacháin eile atá bainteach agus ansin ainmneacha na gcomhaltaí a toghadh mar chomhaltaí den bhord a chur ar aghaidh chuig an bPríomhfheidhmeannach tráth nach déanaí ná 19 Iúil 2024. Iarrfar ar chomhlachtaí ionadaíocha a gcuid ainmnithe a chur ar aghaidh tráth nach déanaí ná an 19 Iúil 2024. Ba cheart tabhairt faoi deara go reáchtálfar na chéad chruinnithe de bhord nua BOOÁCDL uair éigin idir an 7 Lúnasa 2024 agus an 7 Meán Fómhair 2024.

Dáta don dialann, beidh Comhdháil Bhliantúil BOOÉ ar siúl ar an 25 agus an 26 Meán Fómhair i gCo. Loch Garman.
Bhuail Foireann Ghlas BOOÁCDL le chéile ar an 28 Bealtaine agus pléadh gníomhaíochtaí agus spriocanna insoláthartha inbhuanaitheachta do R3.
Fuaireamar litir intinne le déanaí maidir le Coláiste Pobail Leamhcáin. Is dea-scéala é seo agus tá fáilte mhór roimhe.
Cuireadh isteach Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus tuarascáil an Chathaoirligh chuig an Roinn Oideachais.

## 5.2 Tuarascáil Airgeadais

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird. Tugadh le fios nach raibh easnamh airgeadais ag scoil ar bith faoi láthair.

**5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í.

Ghlac Ross Lynam le ceisteanna ón mBord maidir le tuarascáil foirgneamh na míosa seo. Cuireadh soiléirithe ar fáil maidir le haonaid mhodúlacha Mhóin Seiscinn agus oibreacha Ráth an Deagánaigh.

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis an mbord maidir lena gcuid tacaíochta i ndáil le litir intinne a fháil do Choláiste Pobail Leamhcáin.

Pléadh an obair atá déanta go dtí seo ar shuíomh a roghnú do Choláiste na Todhchaí i Sord. Tá comhoibriú leanúnach ar siúl le SOLAS agus an RBATNE agus gearrliosta de shuímh ag druidim chun críche. Tá gach garsprioc shuntasach don tionscadal seo bainte amach go fóill. É ina sprioc suíomh a aimsiú go déanach in 2024/go luath in 2025.

Pléadh na roghanna atá ar fáil chun páirceanna uile-aimsire a thógáil ar thailte scoile agus na dúshláin ó thaobh soláthar foirne agus árachais de. Tá tuilleadh plé le déanamh.

**5.4 Próifíl Foirne**

Ar scor - tugtha faoi deara

**5.5 Beartais -** tugtha faoi deara

Clár Riosca - luaite

**6 Nithe a Chuir an Bord Isteach**

Cuntas Gníomhaíochta

**7 An Chéad Chruinniú Eile**

Le deimhniú

Thug Ken Farrell aitheantas do rannpháirtíocht agus obair chomhaltaí an Bhoird agus comhaltaí an Choiste ar bhoird agallaimh le 5 bliana anuas.

Ghabh an Clr Charlie O'Connor an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, a bhuíochas leis an mbord, an Feidhmeannas agus foireann an BOOÁCDL as an tacaíocht a thug siad dó le linn a sheala mar Chathaoirleach ar bhord BOOÁCDL. Ghuigh sé gach rath ar chomhaltaí nua an bhoird atá in ainm is a bheith tofa ar na bacáin.